

**AN BORD  
UM CHEADÚNAIS  
DOBHARSHAOTHRAITHE**



**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL  
2015**

## AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

CLÁR ÁBHAR	LEATHANACH
Ráiteas an Chathaoirligh chuig an Aire	3
Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearáita	4
Bunú an Bhoird	5
Feidhm / Stádas	5
Ballraíocht an Bhoird	5
Comhdhéanamh an Bhoird	6
Freagrachtaí	6
Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí	7
Rúnaíocht	7
Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2015	8
Achomhairc a Fuarthas in 2015	8
Athbhreithniú Breithiúnach	8
Achoimre ar Chinntiúcháin	8

**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH**  
**chuig**  
**An TAIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA**

Is deas liom an Ráiteas seo a chur san áireamh in ochtú tuarascáil bhliantúil déag an Bhoird maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015.

Thionóil an Bord naoi gcruinniú Boird in 2015:

<b>Cornhalta Boird</b>	<b>Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh</b>
An tUasal Imelda Reynolds	9/9
An tUasal Michael Sweeney	8/9
An tUasal Seán Murphy	9/9
An tUasal Jim Power	9/9
An Dr Owen McIntyre	9/9
An tUasal Lorcán Ó Cinnéide	7/9

Fuair an Bord 15 achomharc i gcaitheamh 2015.

I dtaca le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, dearbhaím go bhfuiltear ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí a bhaineann le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní. Aithním go bhfuil an Bord freagrach as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais de chuid an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe mar a dtagraítear dó in Alt 13 den Chód Cleachtais. De bhreis air sin, mar a iarrtar faoi Alt 12.1 den Chód Cleachtais, is féidir liom a dhearbhu go bhfuil an Bord ag cloí lena oibleagáidí ar fad faoin dlí cánach.

Tá fochoiste amháin ag an mBord – an Fochoiste Iniúcháireachta – agus is mian liom mo mheas ar obair an Choiste seo a léiriú.

Tugaim aitheantas d'obair chomhaltaí an Bhoird, do Rúnaí an Bhoird, do Chomhairleoirí Teicniúla an Bhoird agus dóibh sin ar fad a chuir aon seirbhís eile ar fáil don Bhord agus gabhaim buíochas leo ar fad (daoine a bhí ann agus daoine atá fós ann) as a gcuid seirbhíse i rith na bliana

**Imelda Reynolds**  
**Cathaoirleach**

, 2016

## COMHALTAÍ BOIRD agus FAISNÉIS GHINEARÁLTA

<b>CATHAOIRLEACH:</b>	An tUasal Imelda Reynolds
<b>GNÁTHCHOMHALTAÍ:</b>	An tUasal Seán Murphy An tUasal Lorcán Ó Cinnéide An tUasal Michael Sweeney An tUasal Jim Power An Dr Owen McIntyre
<b>RÚNAÍ:</b>	An tUasal Mary O'Hara
<b>SEOLADH NA HOIFIGE:</b>	Cúirt Choill Mhinsí Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise Contae Laoise R32 DTWS
<b>INIÚCHÓIRÍ:</b>	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Foirgneamh an Chisteáin Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2.
<b>GUTHÁN:</b>	+353 (0) 57 8631912
<b>SEOLADH GRÉASÁIN:</b>	<a href="http://www.alab.ie">www.alab.ie</a>
<b>SEOLADH RÍOMHPHOIST:</b>	<a href="mailto:info@alab.ie">info@alab.ie</a>

## AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

### BUNÚ AN BHOIRD

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 de Acht Iascaigh (Leasú), 1997 (arna leasú) ("Acht 1997"). Tá comhaltaí an Bhoird ar fad fostaíthe ar bhonn páirtaimseartha.

### FEIDHM

Feidhmíonn an Bord faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is í feidhm an Bhoird ná údarás neamhspleách a chur ar fáil i dtaca le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne chinntí an Aire chuí i dtaca le hiarratais ar cheadúnais do bharshaothraithe. Má bhíonn duine míshásta le cinneadh an Aire faoi iarratas ar cheadúnas do bharshaothraithe, nó faoi chúlghairm nó leasú ar cheadúnas do bharshaothraithe, is ceadmhach don té sin achomharc a dhéanamh laistigh d'aon mhí amháin dá fhoilsiú (i gcás cinnidh) nó dá fhógairt (i gcás cúlghairme nó leasú).

### STÁDAS

Comhlacht neamhspleách is ea an Bord a bhfuil a chistiú féin aige a chuireann an tOireachtas ar fáil faoi Alt 36 d'Acht 1997.

### COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

De réir Alt 23(3) d'Acht 1997, féadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara rialacháin a dhéanamh ina bhforordaítear go ndéanann dhá eagraíocht, ar a laghad, comhaltaí an Bhoird a ainmniú. Ba cheart do na heagraíochtaí siúd ionadaíocht a dhéanamh do na grúpálacha a leanas:

- (a) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le cur chun cinn fhorbairt an do bharshaothraithe nó a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a thugann faoi ghnó i bhforbairt an do bharshaothraithe;
- (b) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le caomhnú, forbairt nó cosaint na n-iascach fiáin;
- (c) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil a ngairmeacha nó a slite beatha bainteach le pleanáil nó forbairt fhisiciúil;
- (d) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cosaint agus caomhnú na timpeallachta agus conláistí;
- (e) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbartha geilleagraí i gcoitinne agus
- (f) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbairt pobail.

### BALLRÁÍOCHT AN BHOIRD

Faoi mar a fhoráiltear faoi Alt 23 d'Acht 1997, tá Cathaoirleach ar an mBord agus seisear comhaltaí eile.

Cheap an Rialtas an Cathaoirleach, an tUasal Imelda Reynolds, i gcomhréir le halt 23(2) d'Acht 1997, ar feadh téarma 5 bliana ón 1 Aibreán 2014 go dtí an 31 Márta 2019.

Ceapadh an tUasal Michael Sweeney an 8 Eanáir 2013 ar feadh tréimhse cúig bliana a fhad leis an 31 Nollaig 2017.

Ceapadh an tUasal Michael Sweeney an 13 Eanáir 2013 ar feadh tréimhse cúig bliana a fhad leis an 31 Nollaig 2017.

Ceapadh an tUasal Jim Power agus an Dr Owen McIntyre an 11 Aibreán 2013 ar feadh tréimhse trí bliana a fhad leis an 10 Aibreán 2016.

Ceapadh an tUasal Lorcán Ó Cinnéide ar feadh téarma trí bliana ón 22 Deireadh Fómhair 2013 a fhad leis an 21 Deireadh Fómhair 2016.

Tá folúntas ar an mBord faoi láthair ó Shamhain 2014 i leith.

#### FREAGRACHTAÍ

Sonraítear in Acht 1997 príomhfhreagrachtaí agus príomhchumhachtaí an Bhoird, a ndéantar an t-achóimriú a leanas orthu:

Faoi *Alt 40(4)* den Acht, nuair a fhaigheann an Bord achomharc agus ar choinníoll nach n-aistarraingítear é, is féidir leis an mBord é a chinneadh tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) cinneadh nó gníomh an Aire a dheimhniú;
- (b) cinneadh a dhéanamh faoin iarratas ar an gceadúnas amhail go ndearnadh an t-iarratas chuig an mBord sa chéad áit; nó
- (c) maidir le ceadúnas a chúlghairm nó a leasú, cinneadh an Aire a chur in ionad chinneadh an Bhoird.

Faoi *Alt 43 agus 44* d'Acht 1997, caithfidh an Bord cóip den fhógra achomhairc a chur faoi bhráid an Aire agus gach páirtí eile san achomhairc.

Faoi *Alt 46* d'Acht 1997, is féidir leis an mBord aighneachtaí nó tuairimí a lorg ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a bhfuil aighneachtaí nó tuairimí tugtha don Bhord acu cheana féin i dtaca le hachomharc, más é tuairim an Bhoird, agus faoi na cúinsí seo, go bhfuil sé ar leas an cheartaís sin a dhéanamh.

Faoi *Alt 47 d'Acht 1997*, is féidir leis an mBord iarraidh ar cháipéisí, sonraí nó aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith riachtanach d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoi achomharc.

Faoi *Alt 49 d'Acht 1997*, is féidir leis an mBord, faoina rogha iomlán féin, éisteacht ó bhéal a chur ar siúl i dtaca le hachomharc.

Faoi *Alt 56 d'Acht 1997*, caithfidh an Bord a chinntiú go ndéileálfar le hachomhairc agus go ndéanfar cinneadh fúthu gan mhoill agus go ndéanfar gach iarracht moill nach bhfuil gá léi a sheachaint.

#### SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi Ait 35 den Acht, is ceadmhach don Bhord aon sainchomhairleoirí nó aon chomhairleoirí a fhostú a mheasann sé a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chur i gcrích. Focann an Bord as aon táillí a bhíonn ag dul don té sin as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Le héifeacht ón 2 Meán Fómhair 2008 i leith, tá Comhairleoirí Teicniúla fostaíthe ag an mBord agus leanfar den fhostaíocht nuair is gá.

I gcaitheamh 2015, d'fhostaigh an Bord seirbhísí Aquafact International Services Ltd., RPS Consulting Ltd (Éisteacht ó Bhéal le haghaidh Owen) agus Altemar Ltd. chun cabhrú leo chun breithniú a dhéanamh ar achomhairc a fuarthas. Tá fáil ar a dtuarascálacha ar láithreán gréasáin an Bhoird, [www.alab.ie](http://www.alab.ie).

## RÚNAÍOCHT

Faoi Ait 32 den Acht, feidhmeoidh oifigeach de chuid an Aire, a bheidh ina státseirbhíseach bunaithe agus a bheidh ar iasacht leis an mBord chuige sin, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, mar Rúnaí don Bhord. Is é an Rúnaí páirtaimseartha an tUasal Mary O'Hara.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN BHOIRD IN 2015

### ACHOMHAIRC A BHÍ AR LÁIMH AN 1 Eanáir 2015

Ag tús 2015, bhí 29 achomharc ar láimh ag an mBord, ina measc tagairtí Achomhairc AP2/2013, AP4/2014 agus AP6/2014.

Bhain 19 n-achomharc le AP2/2013 féin maidir le hiarratais ar 33 ceadúnas a athnuachan ar an urthrá sa Chaoláire Rua, Contae na Gaillimhe. Lean an Bord ag déileáil leis na hachomhairc seo i rith 2014 agus ní raibh cinneadh déanta aige ar na hachomhairc faoi dheireadh na bliana. Cuireadh Éisteacht ó Bhéal ar siúl an 20 Eanáir 2015.

Rinne an Bord cinneadh ar na hachomhairc an 19 Bealtaine 2015 chun na 33 Ceadúnas a athnuachan, faoi réir coinníollacha.

Bhain 9 n-achomharc le AP4/2014 i gcoinne an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá a dheonú don Uasal John Crowley, an Fhaiche, Eadargóil, Béarra, Contae Chorcaí chun oisrí a shaothrú trí mhálaí agus tristéil a úsáid ar Shuíomh T5/573 N2, ar an urthrá i mBá Bheanntaí, Contae Chorcaí.

Rinne an Bord cinneadh ar an achomharc seo an 24 Feabhra 2015 chun cinneadh an Aire a aisghairm chun ceadúnas dobharshaothraithe a dheonú do shuíomh T05/573N2.

Bhain AP6/2014 le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire ag Sciana Mara Teo, in aghaidh Clásal a chur san áireamh ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá do Sciana Mara Teo, Bóthar na Scoille, Dumha Acha, Acaill, Contae Mhaigh Eo ar shuíomh den Tagairt: T10/274 chun oisrí a shaothrú trí mhálaí agus tristéil a úsáid ar shuíomh ar an urthrá i nGob an Choire, Contae Mhaigh Eo.

Rinne an Bord cinneadh ar an achomharc seo an 24 Feabhra 2015 trí chinneadh an Aire a dheimhniú chun coinníoll a cheangal leis an gCeadúnas.

### ACHOMHAIRC A FUARTHAS I RITH 2015

Fuair an Bord 15 achomharc i gcaitheamh 2015.

Bhain AP1/2015 le cinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara lena dhiúltú chun Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá a dheonú do Dean Murphy, an Filleán, Baile Chaisleáin Bhéarra, Contae Chorcaí ar an sulomh den Tagairt: T05/579 chun oisrí a shaothrú trí mhálaí agus tristéil a úsáid ar shulomh ar an urthrá in Bear Haven Sound, Bá Bheanntaí, Contae Chorcaí de chuid an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ní dhearnadh cinneadh ar an achomharc faoi dheireadh na bliana atá faoi chaibidil ach rinneadh cinneadh air go gairid ina dhiaidh sin.

Bhí 14 achomharc i gceist le AP2/2015 i gcoinne an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá a dheonú do Bradán Fanad Teo atá ag trádáil mar Marine Harvest Ireland, Cionn Droma, Fánaid, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall ar shulomh den Tagairt T05/555 chun Bradán Atlantach; Salmo Salar a shaothrú ar shulomh ar an urthrá ag Ceann Shot, Bá Bheanntaí, Contae Chorcaí. Ní dhearnadh cinneadh ar an achomharc faoi dheireadh na bliana agus tá breithniú ar bun go fóill.

#### **IMEACHTAÍ DLÍ**

I gcomhréir le hAlt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, is ceadmhach do dhuine iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird trí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ach sin a bheith déanta laistigh de thréimhse trí mhí a thosóidh ar an dáta a rinneadh an cinneadh

Ní dhearnadh aon athbhreithnithe breithiúnacha i rith 2015.

#### **FORBAIRTÍ DLÍ PLEANÁLA/COMHSHAOIL**

Tá tionchar suntasach á imirt ag beartas agus reachtaíocht chomhshaoil atá ag éirí níos casta, anuas ar chorp cásdlí atá ag teacht chun cinn ar conas atá an Bord ag déileáil le hachomhairc a chuirtear faoina bhráid. Baineann Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaoil le go leor den chásdlí agus níos déanaí, táthar ag tabhairt faoi Mheasúnú Oiriúnachta faoin Treoir maidir le Gnáthóga níos minice ná mar a rinneadh roimhe seo. Rinne an Bord athbhreithniú ar a nósanna imeachta sa chás gur chuí agus rinne sé athruithe ar phróisis maidir le tabhairt faoi achomhairc i gcomhthéacs na reachtaíochta ábhartha agus an chásdlí atá ag teacht chun cinn.

#### **ACMHAINNÍ**

I rith 2015, bhí folúntas sa Bhord mar gheall gur éag téarma comhalta Boird i Samhain 2014. Níor soláthraíodh aon chomhalta ionaid i gcaitheamh na bliana 2015 agus tá an folúntas ann go fóill. Ábhar buartha atá ann go fóill don Bhord an mhoill atá ar chomhaltaí a ionadú. Tugadh tacaíocht chléireachais i mBealtaine 2015 don Rúnaí.

#### **COMHAIRLIÚCHÁIN LE COMHLACHTAÍ EILE**

Tá dualgas ar an BACD chun é féin a choimeád ar an eolas ar bheartais chomhlachtaí áirithe a n-imríonn a bhfeidhmeanna tionchar ar a obair. Áirítear leo seo ranna eile Rialtais.

#### **RIALACHAS CORPARÁIDEACH**

Tá Rialachas Corparáideach sa BACD in ainm is cloí le ceanglais ábhartha an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, sa mhéid gur cuí agus aird ar mhéid bheag an chomhlachta. Tá an BACD tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta rialachais ar bhonn leanúnach le comhlíonadh leanúnach dea-chleachtais sa limistéar seo a chinntiú.

#### **TIOMANTAS DON GHAEILGE**



Tá an BACD tiomanta do gach cuid ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chur i bhfeidhm. Tá comharthaíocht agus an páipéarachas i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi láthair.

#### **CÓD EITICE AGUS IOMPAR GNÓ**


Tá Cód Eitice agus Iompar Gnó i bhfeidhm do gach comhalta den Bhord.

#### **LÁITHREÁN GRÉASÁIN**

Coimeádann an BACD láithreán gréasáin gníomhach ag [www.alab.ie](http://www.alab.ie)

#### **FOCAIL SCOIR**

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom mo bhfuochas a ghabháil le mo Chomhchomhaltaí Boird agus mo chomhfhoireann, as ucht a ndianoibre, a dtacaíochta leanúnaí agus a ngairmiúlachta i rith 2015 agus leis na heagraíochtaí agus na sainchomhairleoirí éagsúla a sholáthraíonn seirbhís thar a bheith luachmhar don BACD. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na hoifigigh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i ngeall ar an tacaíocht agus an chabhair a thug siad i rith na bliana. Táim ag súil le leanúint ag oibriú leis an bhfoireann, leis na Comhaltaí Boird, agus leis an Roinn fad a leanaimid ag tabhairt faoi obair an BACD sna blianta amach romhainn.



---

## **An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhláin dar críoch an 31 Nollaig 2015**

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais  
Dobharshaothraithe**  
**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

<b>Clár Ábhar</b>	<b>Leathanach</b>
Comhaltai Boidr agus Faisnéis Ghinearálta	1
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	2
Statement of Internal Financial Control	3
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	4
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim	5
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	6
Statement of Cash Flows	7
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	8

# **An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

## **Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta**

**Comhaltaí Boird:**

An tUasal Imelda Reynolds (*Cathairleach*)  
An Dr Owen McIntyre An tUasal Seán Murphy  
An tUasal Jim Power  
An tUasal Michael Sweeney

**Rúnaí:**

An tUasal Mary O'Hara

**Seoladh Gnó:**

Cúirt Choill Mhínsí  
Bóthar Bhaile Átha Cliath  
Port Laoise  
Contae Laoise

**Iníúcháirí**

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
3A Sráid an Mhéara Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1

**Baincéirí:**

Banc Aontas Éireann  
100 Sráid Grafton  
Baile Átha Cliath 2

**Aturnaetha:**

Aturnaetha Denis McSweeney  
16 Plás Hoirbeaird  
Baile Átha Cliath 2

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

## An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaítear faoi Alt 37 (1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm fhaomhfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú an Aire Calteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an mBord:

- beartais chuntasafachta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- a lua cibé acu ar ullmháodh nó nár ullmháodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasafachta  
Infeidhme,  
- an ráiteas airgeadais a ullmhú ar an mbonn gnóthais leantaigh.


Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntasafachta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 37 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Tá an Bord freagrach, chomh maith, as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun cosc a chur ar chalaíoch agus ar neamhríaltachtaí eile nó iad a bhrath.

Thar ceann an Bhoird



Ms. Imelda Reynolds  
An tUasal Imelda Reynolds

Cathaoirleach



An tUasal Seán Murphy  
Comhalta Boid

## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

### An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, aithnímid ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oirítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais san eagraíocht. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas lomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraitear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtailfead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithif iad go tráthúil.

#### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ghlac an Bord bearta lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochta na heagraíochta agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.
- Gnóthas cuntasóirí seachtracha a cheapadh chun doiciméadú a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánaigh agus chun moltaí a dhéanamh faoi fheabhsú an chórais.
- Seachas na táillí dlíthiúla agus gairmiúla, caitear an chuid is mó de chaitheas an Bhoird ar thuarastail an rúnaí agus ar luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus ar thaiséal agus cothabháil. Íocann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara as tuarastail an rúnaí agus faigheann siadsan forchúiteamh an tuarastail ó leithdháileadh an Bhoird. Tá gnóthas seachtrach cuntasáíochta fostaithe ag an mBord chun déileáil le luach saothair chomhaltaí an Bhoird.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarrmígin agus cuntasáíochta. Áirítear leis, go háirithe:


- Athbhreithniú rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais. Má thagann fadhb aníos, is féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh ar an ngníomh ceartaithe a theastáil ansin.
- Cruinnithe rialta an Bhoird.

Dearbhaím gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain 2015 ag a chruinniú an 4 Albreán 2016.

Thar ceann an Bhoird



Ms. Imelda Reynolds  
An tUasal Imelda Reynolds  
Cathaoirleach



An tUasal Seán Murphy  
Comhalta Boid

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhláin dar críoch an 31 Nollaig 2015**

**Tuarascáil an Ard-Reachtáire Cuntas agus Ciste**



## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 faoin Acht lascaigh (Leasú), 1997. San áireamh sna ráitis airgeadais tá an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coimeáda, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas ar shreafaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmháodh na ráitis airgeadais san thoirmeach a fhorordaítear faoi Alt 37 den Acht agus i gcomhréir le cleachtas cuntasafochta lena bhfuil glacadh ginearálta.

#### Freagrachtaí Chomhaltai an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar iontu léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird agus le rialacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairiscíú a dhéanamh orthu de réir an díf infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeán Eitice an Bhoird Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí a chomhlíonadh.

#### Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi shuímeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaoid nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartaí chuntasafochta do chúinsí an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasafochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, léim Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird chun neamh-chomhsheasmhacht ábhartha a shainiú leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon fhaisnéis a shainiú leis dealraitheach atá mícheart i dtaobh cúrsaí ábhartha de bunaithe ar an eolas a fuair mé fad a bhí mé ag tabhairt faoin iniúchadh nó atá neamh-chomhsheasmhach leis an eolas sin. Má thugaim aon mhíráitis nó neamh-chomhsheasmhacht dhealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bhíonn aige seo ar mo thuarascáil.

#### Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim:

- tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2015; agus
- ullmháodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le cleachtas cuntasafochta lena bhfuil glacadh ginearálta.


I mo thuairim, ba leor taifid chuntasafochta an Bhoird lena cheadú iniúchadh gan stró agus cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasafochta.

Déanaim tuairiscíú trí eisceacht mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaíonn chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó

- má thug mé aon chás ábhartha faoi deara nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara nó leis an eolas a fuair mé fad a bhí mé ag tabhairt faoin iniúchadh, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird an Chóid Iompaí um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairiscíú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuariscíú trí eisceacht.

Patricia Sheehan  
Le haghaidh agus thar cheann  
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste  
An 30 Samhain 2016



## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

### An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €	2014 €
<b>Ioncam</b>			
Deontais an Oireachtais	2	300,478	170,909
Ioncam Achomhairc		3,047	2,590
		4,249	-
		307,774	173,499
 <b>Caiteachas</b>			
Costais Foime	3	50,478	20,909
Táillí Boird		38,903	41,782
Táillí Riaracháin Táillí Dílhlúta agus Gairmiúla Costais Talstí		3,504	4,722
		43,179	109,312
		12,459	6,985
		148,523	183,710
Barrachas/(Easnamh) don bhliain An tIarmhéid a tugadh anonn an 1 Eanáir		159,251 (13,812)	(10,211) (3,601)
An tIarmhéid a tugadh anonn ag an 31 Nollaig		145,439	(13,812)

Áirítear leis an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta gach gnóthachan agus cailiteanas a aithníodh sa bhliain.

Cruthaíonn an Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais agus Nótaí 1 go dtí 13 cuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

  
Ms. Imelda Reynolds  
An tUasal Imelda Reynolds

Cathaoirleach



An tUasal Seán Murphy  
Comhalta Boird

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**

**An Ráiteas ar an Staid Airgeadais**

**amhail an 31 Nollaig 2015**

	Nótaí	2015 €	2014 €
<b>Sócmhalníní Reatha</b>			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	7	5,326	1,129
Airgead agus Coibhéisí Airgid	8	155,741	34,827
		<u>161,067</u>	<u>35,956</u>
<b>Dlíteanais Reatha: (Sulmeanna atá dlíte laistigh de bhliain amháin)</b>			
Sulmeanna Iníoctha	9	115,628)	(49,768)
<b>Glansócmhalníní Reatha/(Dlíteanais)</b>		<b>145,439</b>	<b>(13,812)</b>
Glansócmhalníní Iomlána		<u>145,439</u>	<u>(13,812)</u>
<b>A léiriú</b>			
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		<u>145,439</u>	<u>(13,812)</u>

Cruthaíonn an Ráiteas ar Shreabhadh Airgeadais agus Nótaí 1 go dtí 13 cuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

Ms. Imelda Reynolds  
An tUasal Imelda Reynolds  
Cathaoirleach

An tUasal Seán Murphy  
Comhalta Boid

## An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

### An Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Réiteach an Bharrachais/(an Easnamh) don bhliain chuig glan-insreabhadh airgid

Nótaí	2015 €	2014 €
GLANSreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin Barrachas/(easnamh) don bhliain	159,251	(10,211)
(Méadú)/laghdú ar infháltais	(4,197)	(8)
Méadú/(laghdú) ar infháltais	<u>(34,140)</u>	<u>(7,513)</u>
<b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin</b>	<b>120,914</b>	<b>(17,732)</b>
<b>Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid 120, 914</b>		<b>17,732</b>
<b>Airgead agus coibhéisí airgid an 1 Eanáir</b>		<u>52,559</u>
	<u>34</u>	<u>34,827</u>

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**  
**Ráitis Airgeadais don Bhlain dar críoch an 31 Nollaig 2015**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

**1a) FAISNÉIS GHINEARÁLTA**

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Ait 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 agus tá a phríomhfhóig lenaithre ag Cúirt Chóil Mhínsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Contae Laoise. Is é príomhchuspóir an Bhoid Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun déileáil le hachomhairc i gcoinne chinní an Aire i dtaca le ceadúnais do bharshaothraithe.

**b) Ráiteas Comhlíonta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoid Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d'faisigh an Chomhairle um Thuariscú Airgeadais (an CTA), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Seo an chéad sraith ráitis airgeadais de chuid an Bhoid Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe a ullmhaíodh i gcomhréir le FRS 102. Níor imir an t-aistriú chuig FRS 102 tionchar ar a staid airgeadais ná ar a fheidhmíocht tuairiscithe.

**c) Bonn an réitigh**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choibhinsíon an chostais stáitúil, seachas i dtuairiscí sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear ar luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartaí chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhóirm a d'fhaomh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhoibriú an Aire Airgeadais faoi Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Cuireadh na beartaí chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go comhshreasnach nuair a bhítear ag déileáil le hearná a meastar gurb ábhar ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Bhoid Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.

**d) Ioncam Deontas an Oireachtais**

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhrúithe; eisíodh amháin ina leith seo iad Deontais an Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáiltais airgid.

**Ioncam Eile:**

Is ionann ioncam eile agus aiseolaíocht ón Roinn Coimrce Sóisialaí maidir le costais Fostóra ÁSPC i mbliain roimhe seo.

**e) Sochair Fostaíthe**

Aithnítear sochair ghearthéarmaíochta, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fheibhrítear ag deireadh na bliana le figiúirí na rúnfréatas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

**Fostaíthe agus Aoisliúntas**

Níl aon fhostaíthe ag an mBord seachas an rúnai, ar comhaltá i de scéim craighdeánach aoisliúntais na státseirbhíse. Dá réir sin, níl aon dliteanas ag an mBord maidir le haoisliúntas.

	2015	2014
	€	e
<b>2 Ioncam</b>		
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. C9.4	100,000	150,000
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. A10.7	200,478	20,909
Táilí Achomhairc	3,047	2,590
Ioncam Eile	4,249	
	<hr/> 307,774	<hr/> 173,499

	2015	2014
	€	€
<b>3 Luach Saothair agus costais phá eile</b>		
Tuarastal an rúnai	50,478	20,909
	<hr/> 50,478	<hr/> 20,909

Tá an Rúnai agus comhaltá foirme amháin eile den Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar lasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ní bhfuair siad aon luach saothair breise ná díolachtaí maidir lena ról don Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Díoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach luach saothair agus díolachtaí agus d'asbhain sí gach costas ábhartha, as a dtuarastal, an tobhach pinsín san áireamh.

	2015	2015
	€	
4 Luach saothair na gComhaltaí Boird	38,903	41,782
	<u>38,903</u>	<u>41,782</u>

Fuair na comhaltaí Boird an luach saothair agus costais tairgí agus chothabhála seo a leanas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Luach Saothair		Tairgí agus Cothabháil	
	2015	2014	2015	2014
			€	
An tUasal Jim Power	5,985	5,985	754	552
An tUasal Owen McIntyre	5,985	5,985	2,249	882
An tUasal Seán Murphy	5,985	5,985	1,636	1,349
An t-Uasal Lorcán Ó Cinnéide	5,985	5,985	3,893	1,200
Imelda Reynolds (Cathaoirleach)	8,978	6,734	914	579
An tUasal Michael Sweeney	5,985	5,985	1,858	739
An tUasal Brendan Brice		5,123		1,440
	<u>38,903</u>	<u>41,782</u>	<u>11,304</u>	<u>6,741</u>

5 Caiteachas	2015	2014
	€	€
Tairgí agus cothabháil	12,459	6,985
Costais Ghinearálta	222	-
Árachas	2,295	2,286
Guthán	642	648
Táirgí Díthlúla agus Gairmithe	7,307	78,300
Táirgí gairmithe eile	23,050	23,093
Costais chruinnasáochta agus phárolta	9,821	4,919
Táirgí in-úchórasachta	3,000	3,000
Táirgí Bainc	346	272
Fóirseacháin/Fógraíocht	-	1,516
	<u>59,142</u>	<u>121,019</u>

#### 6 Maoin, Gléasra agus Trealamh

Níl aon Sócmhainní Seasta ag an mBord Achomhairc um Chaidéinéis Dobharshaothraithe  
Is leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach Sócmhainn Seasta.

7 Inbháltais	2015	2014
	€	€
Inbháltais Eile	4,197	-
Réamhiocáid	1,129	1,129
	<u>5,326</u>	<u>1,129</u>

8 Airgead agus Coibhéisí Airgid	2015	2014
	€	€
Cuntas restha	155,738	34,824
Mionairgead	3	3
	<u>155,741</u>	<u>34,827</u>

9 Earraí Iníoctha	2015	2014
	€	€
Earraí Iníoctha/Fabhrúithe	10,979	31,290
ÍMAT/ÁSPC Iníoctha	3,963	4,260
PSWT Iníoctha	636	14,218
	<u>15,628</u>	<u>49,768</u>

**10 An Ráiteas ar Ioncam agus Calteachas agus Cúchistí Colmáidta Ioncaim**

**2015**  
**€**

An tIamhád a tugadh anonn an 1 Eanáir  
Barrachas / (Easnamh) don tréimhse  
An tIamhád amháil an 31 Nollaig

0  
145,439  
145,439

**11 Nóta faoi Áitreabh**

Tá áitreabh á áitiú ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharsnaothraithe ag Cúirt Chóil Mhíne, Bóthar Bhaile Átha Claithe, Port Laoise, Contae Laoise. Is í an Oifig Achomhairc Talmhaíochta an príomhthionónta atá san fhogneamh. Ní raibh eon chios, rátaí ná táláí seirbhíse gaolmhara díte ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharsnaothraithe in 2015.

**12 Leasanna na gComhaltai Boid**

Ghlac an Bord le nósanna imeachta a bhí de réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Calteachais Phoibí agus Athchóirthe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltai Boid agus chloigh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana 2015.

**13 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na ráiteas airgeadais an 22 Samhain 2016.